

Aonad 1 – Ceacht 7



Riachtanais agus Mianta Cártaí na nDaltaí

Aleksy

Tá tú 18 mbliana déag d'aois agus tá tú sa chéad bhliain ar an ollscoil. Tá cónaí ort i mbaile beag atá 16km ón ollscoil. Nuair a bheidh tú críochnaithe leis an ollscoil le céim bainte amach agat, beidh tú ag obair go lánaimseartha le do dhaid. Tá comhlacht innealtóireachta aige agus bíonn tú ag obair leis an deireadh seachtaine faoi láthair, agus nuair a bhíonn tú ar laethanta saoire ón ollscoil. Tá cónaí ort le do thuismitheoirí agus is leor an t-airgead a thuilleann tú ón obair pháirtaimseartha a dhéanann tú chun na costais chairr agus na billí eile a bhíonn agat a íoc.

Mandy

Tá cónaí ort féin agus do chlann in Éirinn le sé mhí anuas. Tá tú féin agus do dheirfiúr ag freastal ar an meánscoil. Tá dhá phost pháirtaimseartha ag do mham agus tá do dhaid ag obair go lánaimseartha leis an gComhairle Áitiúil. Bíonn dóthain airgid agaibh den chuid is mó, ach bíonn sé deacair saol nua a chruthú as baile i dtír nua, mar is minic go dtagann billí agus costais éagsúla chun cinn nach mbeifeá ag súil leo.

Adija

Is cuntasóir thú atá 27 bliain d'aois. Tá tú ag obair le comhlacht mór cuntasáiochta i mBaile Átha Cliath. Tá cónaí ort in árasán le beirt chairde ach tá sé i gceist agat teach a cheannach taobh amuigh den chathair as seo go ceann cúig bliana. Tá tú ag coigilt timpeall €800 in aghaidh na míosa faoi láthair mar éarlais don teach. Tá sé ar intinn agat é seo a ardú de réir mar a ardaíonn do phá, a tharlóidh de réir a chéile. Idir an méid atá á shábháil agat, an cíos agus billí eile, is beag atá fágtha agat ina dhiaidh le spraoi a bheith agat ag deireadh na míosa. Ach tuigeann tú gur fiú é seo san fhadtárma.

Harold

Tá tú féinfhostaithe mar ríomhchláraitheoir agus tá clann óg agat. Is breá leat léitheoireacht agus ceannaíonn tú leabhair ar líne go minic. Toisc go bhfuil tú i gcathaoir rotha, bíonn sé deacair dul ag siopadóireacht sna siopaí leabhar, mar is minic nach mbíonn na doirse oiriúnach duit. Toisc go ndéanann tú go leor siopadóireachta ar líne, bíonn deis agat na praghsanna is fearr a aimsiú mar bíonn tú in ann suíomhanna éagsúla a chuardach. Leis an taithí oibre atá agat, mar aon leis an stoc mór leabhar, tá tú ag smaoineamh faoi ghnó nua a thosú ag díol leabhar ar an idirlíon.



Aonad 1 – Ceacht 7



Riachtanais agus Mianta Cártaí na nDaltaí

Owen

Tá cónaí ort le do bhean agus do pháistí sa chathair. Tá árasán ceannaithe agaibh ar phraghas maith, ina raibh cónaí ort ó bhí tú óg. Tiomáineann tú tacsáí agus is banaltra í do bhean. Oibríonn an bheirt agaibh uaireanta fada ach tá sibh ag ceapadh gur fiú go mór é, mar tá an morgáiste beagnach íoctha, i bhfad níos luaithe ná mar a bhí socraithe, agus tá neart airgid i dtaisce agaibh freisin. Tá tú ag iarraidh carr nua a fháil – agus ba mhaith leat an teach a athchóiriú freisin. Níl tú ag iarraidh an t-airgead atá i dtaisce a úsáid ina leith seo, mar tá tú ag iarraidh an t-airgead seo a choimeád ar leataobh i gcás éigeandála. Is sa bhanc a chuireann tú agus do bhean bhur dtuarastail. Is sa Chomhar Creidmheasa a chuireann sibh bhur n-airgead i dtaisce.

Esme

Tá tú 20 bliain d'aois. Tá cónaí ort sa bhaile agus tá tú ag obair go lánaimseartha i monarchan. Tuilleann tú neart airgid agus tá forchostais isle agat – €100 in aghaidh na míosa don chíos agus na billí. Téann tú amach beagnach gach deireadh seachtaine agus is breá leat dul ar laethanta saoire le do chairde. Bhí tú thar lear trí huairé i mbliana cheana féin agus beidh tú ag dul arís ag deireadh na míosa. Bíonn dóthain airgid agat den chuid is mó, ach anois agus arís bíonn ort leas a bhaint as do chárta creidmheasa chun rudaí áirithe a cheannach. Uaireanta bíonn ort leas a úsáid as rótharraingt bhainc chun do chíos a íoc.

Diego

Tá tú féin agus do bhean chéile ar scor agus is breá libh beirt am a chaitheamh ag siúl, ag garraíodóireacht agus ag léamh. Tá pinsin ag an mbeirt agaibh ón tréimhse a chaith sibh ag obair. Tá sibh i dteideal pinsin ón stát freisin. Tá níos lú ná dhá bhliain fágtha agaibh ar an morgáiste agus toisc nach bhfuil ach carr amháin agaibh tá bhur mbillí níos ísle. Tá sibh cinnte faoin ioncam a bheidh agaibh sa toadhchá, ach ní maith libh dul thar fóir le caiteachas, mar tuigeann sibh nach fios riamh céard a tharlóidh amach anseo. Tugann sibh cuairt ar an ionad garraíodóireachta áitiúil go rialta, ach ní cheannaíonn sibh aon rud mura mbíonn margadh maith ar fáil.

Felicia

Tá cónaí ort le do pháirtí agus do pháistí i dteach atá ar cíos. Tá tú ag obair sa bhanc áitiúil agus tá do pháirtí ag obair ón mbaile. Laghdaíonn seo bhur gcostais feighlíocht leanaí go mór, ach tá go leor billí eile le híoc freisin. An cíos an ceann is mó acu. Is maith libh dul amach nuair atá feighlí ar fáil. Is maith libh dul amach le haghaidh béile, nó dul ag ceolchoirm. Ach tá riail dhocht agaibh nach ndéanann sibh seo go dtí go mbíonn 15% den ioncain eadraibh curtha i dtaisce. Ciallaíonn seo nach dtéann sibh amach rómhinic, ach tá tú sásta leis seo, mar tuigeann tú an tábhacht a bhaineann le hairgead i dtaisce.

